An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

# Oifigeach Cléireachais – Seirbhísí Corparáideacha

## Tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

**Dáta Deiridh d'Iarratais**

**5in 27 Samhain 2025**

**(Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha)**

## An Post

### An Ról

Cuirfidh an tOifigeach Cléireachais – Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht chorparáideach ar ardchaighdeán ar fáil do gach réimse na Comhairle Oidhreachta i ngach gné den riarachán, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do; Acmhainní Daonna (AD), Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise (SF), Soláthar agus Bainistíocht Taifead. Beidh an tOifigeach Cléireachais freagrach as tacaíocht a thabhairt do riarachán fheidhm Acmhainní Daonna na Comhairle Oidhreachta agus a chinntiú go gcomhlíonann sé gach riachtanas agus treoir reachtúil ábhartha. Beidh an tOifigeach freagrach chomh maith as seirbhísí do chustaiméirí a chur ar fáil ar ardchaighdeán do chomhaltaí an phobail agus do réimse leathan páirtithe leasmhara na Comhairle Oidhreachta.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

Áirítear le príomhdhualgais an róil, ach níl siad teoranta do:

- Seirbhís chuimsitheach riaracháin agus cléireachais a chur ar fáil de réir mar is gá.
- Riarachán Ginearálta AD.
- Earcaíocht, Roghnúchán Iarrthóirí agus Tacaíocht Ionduchtaithe.
- Faisnéis chruinn a thaifeadadh agus a choinneáil maidir le hasláithreacht na foirne, lena n-áirítear saoire bhreoiteachta, saoire bhliantúil, saoire mháithreachais/atharthachta, agus cineálacha saoire eile.
- Lóistíocht a chomhordú d'oiliúint foirne, ceardlanna, agus cláir ionduchtaithe (m.sh. ionaid a sceidealú, cuirí, liostaí tinrimh).
- Taifid oiliúna agus bunachair shonraí chruinne atá suas chun dáta a choinneáil.
- Tacaíocht riaracháin agus chléireachais a chur ar fáil i réimsí na Cosanta Sonraí agus Saorála Faisnéise (SF).

- Dualgais chléireachais ghinearálta ar nós clóscríobh; comhdú; ag plé le comhfhreagras; fótachóipeáil; glaonna a dhéanamh agus a fhreagairt; freagraí a thabhairt ar ríomhphoist agus iad a chur ar aghaidh; ag freastal ar chruinnithe agus na miontuairiscí a scríobh; scríobh tuarascálacha agus léamh profaí a dhéanamh.
- Áirithintí seomra, cruinnithe agus ceisteanna teileafóin gairmiúla a chomhordú;
- Ag obair mar chuid d'fhoireann maidir le seirbhísí na Comhairle Oidhreachta a sholáthar.

Agus dualgais eile a shannfaidh an bainisteoir líne nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF).

Níor cheart na freagrachtaí atá leagtha amach sa sainchuntas poist seo a mheas mar fhreagrachtaí cuimsitheacha agus féadfar cur leo nó iad a athrú de réir mar is gá, i gcomhréir le riachtanais na Comhairle Oidhreachta.

## Oideachas, Oiliúint, Taithí, etc.

### Bunriachtanais

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú ina litir chumhdaigh agus ina CV go gcomhlíonann siad na critéir riachtanacha go léir thíos. Beidh an méid seo a leanas ag gach iarrthóir, ar an dáta is déanaí a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe:

- Ar a laghad cáilíocht na hArdteistiméireachta nó a choibhéis (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí – Leibhéal CNC 5) nó níos airde; nó Ar a laghad taithí ábhartha 2 bhliain;
- Taithí ábhartha i riarachán oifige, lena n-áirítear soláthar tacaíochta rúnaíochta, tuarascálacha a dhréachtú, miontuairiscí a scríobh, léamh profaí a dhéanamh, srl.;
- Scileanna iontacha TF (lena n-áirítear Microsoft Word, Outlook, Excel, PowerPoint agus Access);
- Scileanna iontacha idirphearsanta agus cumarsáide;

- Scileanna iontacha eagraíochta agus an cumas aige/aici obair a dhéanamh a theastaíonn cruinneas agus pointeáilteacht uaithi;
- An cumas treoir a ghlacadh agus orduithe a leanúint;
- An cumas aige/aici obair as a stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann;
- An cumas obair a eagrú agus tascanna a chur in ord tosaíochta;
- Bheith solúbtha lena gcur chuige i leith a gcuid oibre;
- An cumas oibriú go maith leis an bpobal agus le daoine eile;
- An cumas oibriú go maith i dtimpeallacht foirne chomhoibríoch agus an cumas aige/aici a bheith féinspreagtha agus ábalta a c(h)uid oibre féin a bhainistiú.
- Tiomantas d'ardchaighdeáin seirbhíse poiblí;
- Ceadúnas tiomána iomlán neamhfhormhuinithe de chatagóir B agus rochtain lánaimseartha ar charr nó, i gcás iarrthóirí nach bhfuil ábalta tiomáint, rochtain lánaimseartha ar iompar.

**Tá sé inmhianaithe freisin, ach níl sé riachtanach, go mbeidh ag iarrthóirí**

- Cáilíocht i Riarachán Oifige nó cáilíocht chuí tríú leibhéal eile;
- Taithí in AD, Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise (SF)
- Taithí 2 bhliain (nó níos mó) i riarachán oifige cuí;
- Taithí roimhe seo ag obair i riarachán laistigh de shuíomh seirbhíse poiblí;
- An cumas cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.

**Riachtanais Saoránachta**

Beidh iarrthóirí incháilithe, ar an dáta is déanaí a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe ina:

(a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

(b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

(c) Saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

(d) Saoránach neamh-LEE ar céile nó leanbh é/í de chuid shaoránach LEE nó na Ríochta Aontaithe nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó

(e) Duine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó

(f) Saoránach neamh-LEE ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é/í atá ina shaoránach de chuid bhallstát LEE nó na Ríochta Aontaithe nó na hEilvéise, agus a bhfuil cónaí air/uirthi in aon chead acu sin, agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

## Tuairisciú

Beidh an tOifigeach Cléireachais – Seirbhísí Corparáideacha ag obair faoin Oifigeach Seirbhísí Corparáideacha nó aon duine eile de réir mar a chinntear ó am go ham ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF).

## Inniúlachtaí don Ról

Ní mór don iarrthóir rathúil a bheith ábalta a léiriú go bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha don phost seo aige/aici. Tá na hinniúlachtaí riachtanacha leagtha amach in Aguisín 1.

**Coinníollacha Seirbhíse**

## Tionacht

Is post lánaimseartha, buan agus inphinsin é. Breithneofar iasacht a fháil ó sheirbhísigh phoiblí atá i mbun seirbhíse.

## Tuarastal

Tá an post mar Oifigeach Cléireachais – Seirbhísí Corparáideacha ar aon dul le Grád Státseirbhíse an Oifigigh Chléireachais. Leagtar amach thíos an scála tuarastail (PPC), lena n-áirítear an ranníocaíocht pinsin riachtanach.

Pointe 1 €596.11; Pointe 2 €629.46; Pointe 3 €637.94; Pointe 4 €654.47; Pointe 5 €678.87; Pointe 6 €703.22; Pointe 7 €727.55; Pointe 8 €745.29; Pointe 9 €765.40; Pointe 10 €788.74; Pointe 11 €805.15; Pointe 12 €828.27; Pointe 13 €851.22; Pointe 14 €887.05;

*Incrimint Fadseirbhíse 1: €915.19; **Incrimint Fadseirbhíse 2: €928.12

*I ndiaidh trí bliana seirbhíse ag Pointe 14. **I ndiaidh trí bliana seirbhíse ag Incrimint Fadseirbhíse 1. (Scála pá ón **1 Lúnasa 2025**)

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go dtosóidh siad ag íosmhéid an scála tuarastail agus nach mbeidh an ráta luach saothair, lena n-áirítear dul chun cinn incriminteach, faoi réir caibidlíochta agus go bhféadfar é a choigeartú ó am go chéile i gcomhréir le beartas pá an Rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha difriúla a bheith i bhfeidhm más státseirbhíseach nó sheirbhíseach poiblí thú faoi láthair. Beidh an tuarastal iomlán uilechuimsitheach agus cinnfear é ó am go chéile. Íocfaidh na sealbhóirí poist leis an gComhairle Oidhreachta aon táillí nó airgead eile (seachas a dtuarastal cuimsitheach) is iníoctha leo nó a gheobhaidh siad de bhua a bhfostaíochta nó i ndáil le seirbhísí a gceanglaítear orthu a dhéanamh le haon achtachán nó faoi aon achtachán. D'fhéadfadh liúntas a bheith iníoctha freisin i leith costais taistil agus chothaithe.

Is faoi fhreagracht aonair iar-iarrthóirí seirbhíse poiblí nó státseirbhíseach é a chinntiú go bhfuil siad incháilithe chun iarratas a dhéanamh. Go háirithe, ba chóir d'iarrthóirí ionchasacha a ghlac páirt i gcláir dheonacha téarfa/iomarcaíochta nó luathscoir, a fuair íocaíocht iomarcaíochta nó a bhfuil pinsean earnála poiblí á fháil acu, eolas a chur orthu féin faoi na coinníollacha aonair a bhaineann le hathfhostaíocht san earnáil phoiblí agus iad sin a dhearbhú má tá siad ag déanamh iarratais.

## Saoire Bhliantúil

Is ionann teidlíocht na saoire bliantúla don ról seo (bunaithe ar ról lánaimseartha) agus 22 lá in aghaidh na bliana, ag ardú go 23 lá i ndiaidh 5 bliana de sheirbhís, 24 lá i ndiaidh 10 mbliana de sheirbhís, 25 lá i ndiaidh 12 bhliain de sheirbhís agus 26 lá i ndiaidh 14 bliana de sheirbhís.

## Áit Oibre

Beidh an áit oibre i gceanncheathrú na Comhairle Oidhreachta, Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh. D'fhéadfaí a iarraidh ar an iarrthóir rathúil oibriú go cianda ó am go chéile, áfach, i gcomhréir le Srianta Sláinte Poiblí.

Tabhair do d'aire: D'fhéadfadh iarrthóirí rathúla a bheith incháilithe le haghaidh socruithe oibre cianda nó cumaisc má iarrann siad é sin nó má cheadaítear é. Breithneofar aon socruithe dá leithéid ar bhonn cás ar chás, agus riachtanais ghnó na heagraíochta á gcur san áireamh agus i gcomhréir le Beartas Oibre Cumaisc na Comhairle Oidhreachta. Coimeádann an Chomhairle Oidhreachta an ceart, faoina rogha féin, socruithe oibre a athbhreithniú agus a leasú tráth ar bith.

## Uaireanta Freastail

Socrófar na huaireanta freastail ó am chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 43 uair 30 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine. Is é 37.5 uair an chloig an tseachtain oibre chaighdeánach, 09.00 – 17.30 Luan go hAoine.

Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a oibriú ó am go chéile de réir mar is réasúnta agus is gá lena d(h)ualgais a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin maidir le ham oibre.

## Scor / Aoisliúntas

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha pinsin iomchuí don cheapaí a bheidh i bhfeidhm tráth a thairgfear an ceapachán.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, beidh feidhm ag Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí maidir le gach iontrálaí nua den chéad uair sa tseirbhís phoiblí, chomh maith le hiarsheirbhísigh phoiblí atá ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí i ndiaidh sos níos mó ná 26 seachtaine.

Tá gach iontrálaí nua i bhfostaíocht seirbhíse poiblí inphinsin ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis, go ginearálta, ina mbaill den Scéim Aonair iad

Cinnfear Aois Scoir de réir théarmaí Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004. Tugtar isteach leis an Acht forálacha nua scoir d’iontrálaithe nua a cheapfar sa tseirbhís phoiblí an 1 Aibreán 2004 nó dá éis.

## Promhadh

Beidh tréimhse ann nuair a thiocfaidh éifeacht leis an gceapachán ina mbeidh an duine ceaptha i seilbh na fostaíochta sin ar promhadh. Mairfidh an tréimhse sin sé mhí, ach féadfaidh an Príomhfheidhmeannach, faoina rogha féin, an tréimhse sin a fhadú. Féadfaidh deireadh a chur le seilbh duine san fhostaíocht sin ag deireadh na tréimhse sin faoi rogha an POF.

Is ionann an méid thuas agus príomhchoinníollacha na fostaíochta agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach i gconradh fostaíochta mionsonraithe a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

**Próiseas Iarratais**

## Modhanna Roghnúcháin

Féadfaidh aon cheann nó na nithe seo a leanas a bheith sa phróiseas roghnúcháin:

- Gearrliostú iarrthóirí. Is í an Chomhairle Oidhreachta a chinnfidh líon na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. Ba í an Comhairle Oidhreachta a dhéanfaidh an gearrliostú nó déanfar thar a ceann é i gcoinne critéir atá sonraithe don phost agus ar bhonn na faisnéise atá i bhfoirm iarratais an iarrthóra amháin.
- Agallamh a bhféadfadh cur i láthair ón iarrthóir a bheith mar chuid de.
- Dara agallamh a bhféadfadh cur i láthair nó cleachtadh eile a bheith mar chuid de freisin.
- Féadfaidh an Chomhairle Oidhreachta painéal a chruthú as a bhféadfar folúntais amach anseo ag an ngrád sonraithe a líonadh.

Tá sé beartaithe agallaimh a thionól in oifigí na Comhairle Oidhreachta. Féadfaidh an Chomhairle Oidhreachta agallaimh a thionól trí theicneolaíochtaí cianda. Ní bheidh an Chomhairle Oidhreachta freagrach as aon chostas a d'fhéadfadh iarrthóir a thabhú agus é/í ag freastal ar agallamh.

Ní bheidh an Chomhairle Oidhreachta freagrach as aon chostas a d'fhéadfadh an t-iarrthóir a thabhú agus é/í ag freastal ar agallamh.

## Conas Iarratas a Dhéanamh

Chun iarratas a dhéanamh, seol litir chumhdaigh (dhá leathanach ar a mhéad) chuig Ciara Connolly ag ciara@excelrecruitment.com, agus cuir teideal an róil sa líne ábhair, ina leagfar amach an fáth a bhfuil suim agat sa deis agus na réimsí a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, d'eolas agus do thaithí riachtanais an róil. Lena chois sin, cuir i gceangal curriculum vitae (C.V.) cuimsitheach ina léirítear go soiléir na héachtaí agus an taithí ábhartha i do ghairm bheatha go dtí seo.

## Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta do chomhdheiseanna do gach iarrthóir. Má tá tú faoi mhíchumas ort nó má bhíonn socrú réasúnta de dhíth ort le linn an phróisis earcaíochta, molaimid duit é sin a chur in iúl dúinn lena chinntiú go bhfaighidh tú an tacaíocht atá uait. Ní bheidh aon tionchar ag coigeartuithe nó socrú réasúnta ar an bpróiseas roghnúcháin agus déileálfar leis an bhfaisnéis uile a nochtfar faoi rún daingean.

## Dáta Deiridh

Tabhair faoi deara gurb é an 27 Samhain 2025 ag 5in an t-am is déanaí a nglacfar le hiarratais. Ní bhreithneofar aon iarratais a gheofar i ndiaidh an dáta sin.

## Ní bhreithneofar aon iarratais a gheofar i ndiaidh an dáta agus an ama deiridh.

Ní bheidh aon éileamh breise ar bhreithniú ag iarrthóirí nach bhfreastalóidh ar agallamh an uair nó an áit a iarrfaidh an Chomhairle Oidhreachta, nó nach soláthróidh, nuair a iarrfar orthu, an fhianaise a éileoidh an Chomhairle maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

## Tréimhse Ghlactha

Ceanglóidh an Chomhairle Oidhreachta ar an duine dá dtairgtear ceapachán an ceapachán a ghlacadh laistigh de thréimhse nach faide ná mí amháin agus mura nglacann sé/sí leis an gceapachán laistigh den tréimhse sin nó den tréimhse níos faide de réir mar a chinnfidh an Chomhairle faoina lánrogha, ní cheapfaidh an Chomhairle é/í.

## Canbhasáil

Aon iarracht a dhéanfaidh iarrthóir, nó a dhéanfaidh aon duine/daoine atá ag gníomhú ar thionscnamh an iarrthóra, go díreach nó go hindíreach, trí chumarsáid i scríbhinn nó ar shlí eile tionchar a imirt i bhfabhar an iarrthóra, ar aon bhall foirne de chuid na Comhairle Oidhreachta nó ar aon duine a ainmneoidh an Chomhairle Oidhreachta chun agallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú, dícháileofar an t-iarrthóir go huathoibríoch ón bpost atá á lorg.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Féadfar grinnscrúdú an Gharda Síochána a iarraidh i leith daoine a bhreithneofar maidir le ceapacháin. Beidh ar an iarratasóir foirm um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais i gcás ina mbreithneofar iad maidir le ceapachán. Cuirfear an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar na seoltaí uile inar chónaigh siad.

## Sláinte

Beidh na hiarrthóirí i staid sláinte a léireodh go bhfuil seans réasúnta ann go mbeidh siad ábalta seirbhís rialta agus éifeachtúil a sholáthar. Chun an riachtanas maidir le sláinte a chomhlíonadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an iarrthóir rathúil, sula gceapfar é/í, dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh cleachtóir leighis cáilithe a ainmneoidh an Chomhairle.

## Ceisteanna/Tuilleadh Eolais

Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort nó más mian leat plé rúnda a shocrú maidir leis an deis, seol ríomhphost chuig ciara@excelrecruitment.com.

**Eolas Ginearálta**

## Comhlíonadh Dlíthiúil

Tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta don reachtaíocht ábhartha uile a chomhlíonadh le linn an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014.

## Comhlíonadh RGCS

Bailíonn, próiseálann agus stórálann an Chomhairle Oidhreachta sonraí pearsanta, a sholáthraíonn iarratasóirí agus iad ag déanamh iarratais ar an ról atá ar fáil. Bailítear, taifeadtar, stóráiltear, coinnítear agus scriostar na sonraí a sholáthraíonn iarratasóirí i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018.

## Úsáid Gléasanna Taifeadta

Tá cosc ar úsáid trealaimh taifeadta le linn an phróisis iarratais agus agallaimh.

## Oibleagáidí na nIarrthóirí

Ní ceadmhach d'iarrthóirí eolas bréagach nó míthreorach a sholáthar d'aon ghnó.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí cur isteach ar phróiseas an chomórtais ná é a chur i mbaol ar bhealach ar bith.

## Aguisín 1: Samhail Inniúlachta Oifigigh Cléireachais




| English | Irish |
|---|---|
| Clerical Officer | Oifigeach Cléireachais |
| Drive & Commitment to Public Service Values | Spreagadh agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí |
| Teamwork | Obair Foirne |
| Information Management / Processing | Bainistíocht Faisnéise / Próiseáil |

| | |
|---|---|
| Delivery of Results | Torthaí a Bhaint Amach |
| Customer Service & Communication Skills | Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide |
| Specialist Knowledge, Expertise & Self Development | Eolas Speisialtóireachta, Saineolas agus Féinfhorbairt |